Cleachtadh Tuisceana – Ár nDramhaíl Orgánach a Athchúrsáil

Na hábhair a theastaíonn

- Páipéar agus dathanna chun póstaeir a chruthú

Gníomhaíocht roimh dhul ag breathnú ar an scannán

- In aon nóiméad amháin, déan liosta de na nithe ar fad a ritheann leat a gcaitear isteach san araid dramhaíola i do theach gach bliain.
- Tabhair mír amháin oibre ar an liosta thíos do gach dalta.

Gníomhaíocht le linn a bheith ag breathnú ar an scannán

Grúpa 1: Scríobh síos na fíricí agus na figiúir ar fad a luaitear sa ghearrthóg scannáin
Grúpa 2: Scríobh síos ainm gach duine a luaitear ann agus inis cén obair atá ar siúl acu
Grúpa 3: Déan cur síos ar chéimeanna uile an tsuirbhé ar aicmiú dramhaíola
Grúpa 4: Ainmnigh na gníomhaireachtaí ar fad a luaitear agus an obair atá ar siúl acu
Grúpa 5: Scríobh síos gach a bhfuil ar eolas agat maidir leis na haraidí de dhathanna éagsúla a luaitear sa ghearrthóg

Grúpa 6: Scríobh síos gach a bhfuil ar eolas agat maidir leis an dramhaíl orgánach a luaitear sa ghearrthóg
Grúpa 7: Scríobh síos gach eolas faoi Threoir AE maidir le dramhaíl i líonadh talún
Grúpa 8: Déan liosta de na spriocanna ar fad a luaitear sa ghearrthóg scannáin, spriocanna na ngníomhaireachtaí/suirbhéanna san áireamh

Gníomhaíochtaí tar éis a bheith ag breathnú ar an scannán

- Cuir daoine atá ag obair ar an ábhar céanna isteach sa ghrúpa céanna, chun a gcuid eolais a thiomsú le chéile.
- Eagraigh gach grúpa chun póstaeir a chruthú d'fheachtas póstaer – is féidir leis na daltaí é sin a dhéanamh mar dhaoine aonair nó mar ghrúpaí – tá tú/sibh chun feachtas póstaer a chruthú chun ceist na dramhaíola orgánaí in Éirinn a aibhsiú.